CEACHT 9

AN FIACLÓIR



Pictiúr: Radharc:
Nóirín ar chathaoir ard, tinneas fiacaile uirthi: Páid agus cóta bán air, pinsiúr ina láimh aige: Bríd, caipín bán agus naprún uirthi. Comhartha ceiste, gloine uisce, fiacail a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. Gníomhartha agus geáitsíocht a úsáid de réir mar a bhíonn gá leo.
Céim 4: "ag cniotáil."

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha
Páid an fiaclóir. Tá cóta bán air. Bríd an bhanaltra. Tá caipín bán uirthi. Tá tinneas fiacaile ar Nóirín. Tá sí ina suí ar an gcathaoir ard. Níl sí ag caoineadh.

Agallamh
PÁID: Céard atá ort, a Nóirín?
NÓIRÍN: Tá tinneas fiacaile orm.
PÁID: Oscail do bhéal anois. Taispeáin dom an fhiacail.
NÓIRÍN: An ceann sin.

Cuntas Reatha
Tharraing Páid amach an fhiacail.

Agallamh
PÁID: Tabhair gloine uisce di, a bhanaltra.
BRÍD: Nigh amach do bhéal anois, a Nóirín.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Páid an sagart?
Tá rud éigin air?
Bríd an múinteoir, is dócha?
Tá rud éigin ar a ceann?
Tá an cailín beag tinn?
Cá bhfuil sí?
An bhfuil sí ag caoineadh?

Tusa, a "Pháid", cuir ceist ar Nóirín.
Inis dó, a "Nóirín".
Abair léi a béal a oscailt, a "Pháid".
Abair léi an fhiacail a thaispeáint duit.
Taispeáin dó í, a "Nóirín".

Céard a rinne Páid?

Céard a deir tú faoin ngloine, uisce, a "Pháid"?
Tusa, a "Bhríd", abair léi a béal a ní.

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Tá cóta bán *ar Pháid.*
   (*mise, tusa*, eisean, ise, an buachaill*).
2. Tá sí ina *suí.*
   (*luí, seasamh, codladh, dúiseacht*).
3. Níl sí ag *caoineadh.*
   (*gáire, troid, cniotáil, tarraingt, snámh, foghlaim*).
4. Tabhair gloine uisce *di.*
   (*tusa†, eisean, iadsan, sibh, Máire*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh:
   "*Bhí* tinneas fiacaile orm inné. *Chuaigh* mé . . ."
3. Bhí Máire tinn: Mamaí á tabhairt go dtí an dochtúir
   nó
   An fiaclóir agus an bhanaltra sa scoil.

†.i. Tá cóta bán *orm.*
*.i. "Tabhair gloine uisce *dom*".

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Féach ar Nóirín, leis an bhfiaclóir
Leis an bhfiaclóir, Nóirín bhocht
Ó, ó, ó . . . a deir Nóirín
Tá tinneas fiacaile orm inniu.

II

Sé Páid an fiaclóir ina chóta bán
Tarraingeoidh sé an fhiacail, Nóirín bhocht
Ó, ó, ó . . . a deir Nóirín
Tá tinneas fiacaile orm inniu.

III

Sí Bríd an bhanaltra ina cóta bán
Ná bí ag caoineadh, a Nóirín bhocht
Há, há, há . . . a deir Nóirín
Níl tinneas fiacaile orm anois.